



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ LUAIN 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.
Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.
Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.
Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fiorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntais Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san Áireamh

Tá Caipiteal Údaraithe de €1,800,000 ag Marjam Teo atá roinnte ina 1,000,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 800,000 Scair Thosaíochta 10% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a leabhair ar 31/12/2012:

	€	€
Foirgnimh Mhonarchan (costas €880,000).....	820,000	
Gléasra agus Innealra (costas €270,000)	180,000	
Lascaine (Glan)		8,400
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2012	18,100	
Stoic ar láimh 1/1/2012		
Earraí Críochnaithe	69,500	
Amhábhair.....	34,400	
Obair idir Lámha	23,700	
Ús bintiúir do na chéad trí mhí	4,800	
Infheistíochtaí 4% ar 1/1/2012	340,000	
Paitinní	22,600	
Ceannach amhábhair.....	1,035,000	
Diolacháin		1,540,000
Díbhinní íochta	59,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	102,600	98,200
Banc		41,000
Bintiúir 9%		200,000
Muirear Sóisialta Uilíoch		2,100
Scairchaipiteal Eisithe – Gnáthscaireanna.....		600,000
– Scaireanna Tosaíochta 10%		500,000
Pá díreach monarchan.....	180,400	
Forchostais ghinearálta mhonarchan	31,400	
Fruiliú trealamh speisialta	6,100	
Diol dramhábhair		3,000
Carraireacht ar amhábhair.....	4,600	
Speansais Riaracháin (Fionraí san áireamh).....	27,600	
Speansais díola (ioncam infheistíochta 3 mhí san áireamh)	32,900	
	<u>2,992,700</u>	<u>2,992,700</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2012: Earraí críochnaithe€79,400
 Amhábhair€35,700
 Obair idir lámha.....€27,400
- Cuimsíonn an figiúr d'earraí críochnaithe stoc a chosain €4,400 ach a bhfuil glanluach inréadaithe €2,500 air anois.
- (ii) Caitheadh go mícheart mar dhiolachán creidmheasa le hearraí críochnaithe a cuireadh chuig custaiméir ar bhonn 'Díol nó Aiscur' ar 31 Nollaig. Praghas miondíola molta na n-earraí seo ná €6,000, i.e. costas móide 20%.
- (iii) Rinne duine d'fhostaithe an ghnólachta deisiúcháin ar luach €2,000 ar ghléasra agus ar innealra le linn na bliana. Páirteanna a tógadh as stoic an ghnólachta a bhí i suim €400 den chaiteachas seo agus íocadh an chuid eile mar phá.
- (iv) Déan soláthar in aghaidh dímhéasa ar ghléasra agus innealra ar ráta bliantúil 10% dá gcostas ón dáta ar ceannaidh iad go dtí an dáta ar díoladh iad.
- NÓTA: Ar 31/3/2012, trádáladh isteach innealra, a chosain €20,000 ar 30/6/2006, in aghaidh meaisín nua a chosain €51,000. Lamháladh €8,000 i leith an tseanmheaisín. Caitheadh go mícheart leis an seic ar an nglanmhéid den bheart seo, a taifeadadh mar cheannachán amhábhair. Ba é seo an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair maidir leis an mbeart seo.
- (v) Tarlaíonn an figiúr fionraí toisc gur breacadh an figiúr mícheart d'ús bintiúir (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus iontráladh aischiúir €1,000 i gcuntas na bhféichiúnaithe amháin.
- (vi) Baineadh an figiúr don bhanc sa Chomhardú Trialach as cuntas bainc an ghnólachta. Ach tá ráiteas bainc, dar dáta 31/12/2012, tagtha agus rótharraingt de €39,720 á léiriú ann. Tháinig na neamhréitigh seo a leanas chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
1. Iontráladh seic ar €680, a eisíodh chuig soláthraí, sna leabhair (leabhar airgid agus mórleabhar) mar €860.
 2. Íocadh aistriú creidmheasa €800 go díreach isteach i gcuntas bainc an ghnólachta thar ceann féichiúnaí a dearbhaíodh ina fhéimheach le déanaí. B'ionann sin agus an chéad íocaíocht agus an íocaíocht deiridh de 20c in aghaidh an €1.
 3. Ní raibh seic ar €300 a eisíodh chuig stiúrthóir mar tháillí seachadta chun íochta fós.
- (vii) Tá na Stiúrthóirí ag moladh:
1. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'ioncam Infheistíochta agus d'Ús dlite ar Bhintiúir araon.
 2. Gur chóir soláthar in aghaidh drochfhiach a chruthú cothrom le 4% de na féichiúnaithe.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2012. (45)

(120 marc)

2. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

Ullmhaíonn Iompar Gorm Teo a gcuntais deiridh go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta é a gcuid feithiclí a dhímheas ar ráta 15% dá gcostas sa bhliain, á ríomh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha, agus an dímheas seo a charnadh i gCuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa. (Áirítear na suimeanna go dtí an euro is gaire.)

Ar 01/01/2011, bhí na feithiclí seo a leanas ag Iompar Gorm Teo:

- Uimh. 1 a ceannaíodh ar 01/01/2007 ar €50,000
- Uimh. 2 a ceannaíodh ar 01/04/2008 ar €60,000
- Uimh. 3 a ceannaíodh ar 01/09/2009 ar €70,000

Ar 01/09/2011, trádáladh isteach Feithicil Uimh. 1 ar €20,000 in aghaidh feithicil nua a chosain €75,000. Feistíodh aonad cuisnithe le Feithicil Uimh. 1 ar 01/01/2009 ar chostas €15,000. Rinneadh luach an aonaid cuisnithe a dhímheas de 30% an chéad dá bhliain agus ar an ráta céanna le Feithicil Uimh. 1 as sin amach. Ar 01/04/2012 bhí Feithicil Uimh. 3 i dtuaisme agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicil nua a chosain €86,000. Fuair an chuideachta €25,000 mar chúiteamh ón gcuideachta árachais agus thaispeáin an Cuntas Brabúis agus Caillteanais ar 31/12/2012 brabús €1,125 ar dhiúscairt (Feithicil Uimh.3).

Iarrtar ort iad seo thíos, mar aon leis an oibriú amach, a thaispeáint do gach ceann den dá bhliain 2011 agus 2012:

- (a) Cuntas na bhFeithiclí. (6)
 - (b) An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa. (32)
 - (c) An Cuntas Diúscartha Feithiclí. (14)
 - (d) (i) Cén fáth a ngearrann cuideachta dímheas nuair a bhíonn an brabús á ríomh? (8)
 - (ii) Cén fáth a roghnódh cuideachta modh dímheasa amháin seachas modh eile? (8)
- (60 marc)**

3. Ráiteas Táblach

Léirítear staid airgeadais Chúipéir Teo ar 1/1/2012 sa chlár comhardaithe seo a leanas:

Clár comhardaithe mar a bhí ar 1/1/2012				
	Costas	Dímheas go dáta	Glan	Iomlán
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta Doláimhsithe				
Cáilmheas (costas €65,000)				45,000
Sócmhainní Seasta				
Talamh & foirgnimh	727,000	54,000	673,000	
Veaineanna seachadta	<u>90,000</u>	<u>40,000</u>	<u>50,000</u>	
	<u>817,000</u>	<u>94,000</u>	<u>723,000</u>	723,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc		91,600		
Féichiúnaithe		<u>55,800</u>		
			147,400	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin				
Creidiúnaithe		75,400		
Banc		15,800		
Speansais dlite		<u>4,200</u>	<u>95,400</u>	<u>52,000</u>
				<u>820,000</u>
Maoinithe ag Caipiteal agus Cúlchistí				
Údaraithe – 1,000,000 gnáthscair @ €1 an ceann				
Eisithe – 600,000 gnáthscair @ €1 an ceann			600,000	
Scairbhiseach			80,000	
Iarmhéid brabúis agus cailteanais			<u>140,000</u>	<u>820,000</u>
				<u>820,000</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2012:

- Ean** Cheannaigh Cúipéir Teo gnólacht in aice láimhe ar 1/1/2012. San áireamh bhí foirgnimh €350,000, veaineanna seachadta €70,000, stoc €25,000 agus creidiúnaithe €30,000. Íocadh an praghas ceannaigh trí 380,000 scair ar €1 an ceann in Cúipéir Teo a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 20c an scair.
- Fea** Ghlac creidiúnaí a raibh €8,900 dlite dó ag Cúipéir Teo le veain seachadta, a raibh luach €9,500 uirthi de réir na leabhar, mar lánghlanadh na bhfiach. Chosain an veain €14,500.
- Aib** Shocraigh Cúipéir Teo an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar 1/4/2012 ag €1,200,000, luacháil a chuimsíonn talamh a bhfuil luach €180,000 anois air.
- Bea** Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine a léirigh dochar díreach de €8,400 chun fógraíocht a chumhdach don bhliain dar chríoch 31/8/2012 agus aistriú creidmheasa de €9,900 chun cíos 11 mhí a chumhdach a bhí infhaighthe ó 01/03/2012 amach.
- Meith** Trádáladh isteach veain seachadta, a chosain €20,000, in aghaidh veain nua a chosain €30,000. Rinneadh lamháltas €5,500 i leith na seainveain. Bhí dímheas go dáta de €17,000 ar an tseainveain.
- Lún** Fuarthas íocaíocht €2,400 ó E. Ó Gealbháin, féichiúnaí, ar díscríobhadh a fhiach cheana agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil le Cúipéir Teo arís. Is ionann sin agus 80% den bhunfhiach agus gheall an tUas. Ó Gealbháin an chuid eile den fhiach a íoc i mí Eanáir 2013. An lá céanna díoladh ar €450 earraí iad leis an Uas. Ó Gealbháin ar cairde. B'ionann sin agus marcáil suas de 25% ar chostas.
- Noll** Tá dímheas le déanamh ar na foirgnimh de réir ráta 2% dá luach sa bhliain ar 1/4/2012. Ba é an muirear dímheasa don bhliain ar veaineanna seachadta ná €28,000.

Iarrtar ort:

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn ábhartha agus ar an dliteanas ábhartha a thairgeadh ar ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2012 a aimsiú.

(60 marc)

4. Cuntais Chlub

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Cispheile Tallones ar 1/1/2012:

Clubtheach agus Airéine €680,000, Stoc beáir €2,200, Trealamh (ar a chostas) €23,000, Ballraíocht Saoil €25,000, Féichiúnaithe beáir €421, Creidiúnaithe beáir €1,600, Cúlchiste Tobhaigh €12,000, Pá dlite €2,800, Síntiúis réamhíochta €1,400.

Chuir cisteoir an chlub an cuntas seo a leanas ar fáil i dtaobh imeachtaí an Chlub i rith na bliana dar chríoch 31/12/2012.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2012

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Cuntas Reatha Baine	11,300	Ceannacháin bheáir	28,700
Ús ó Infheistíochtaí Rialtais 4%	900	Costais lónadóireachta	9,900
Cíos na hairéine	15,000	Speansais éagsúla	103,600
Fáltais lónadóireachta	12,400	Trealamh	41,000
Urraíocht bhliantúil	73,000	Costais chóitseála	4,600
Síntiúis	65,000	Aisiocaíocht iasacht €40,000 ar 31/05/2012 mar aon le hús 16 mhí	44,800
Fáltais bheáir	42,410	Aistriú chuig Cumann Foirgníochta ar 31/12/2012	28,000
Fáltais lató	52,500	Costais lató	7,600
		Iarmhéid	<u>4,310</u>
	<u>272,510</u>		<u>272,510</u>

Tugtar duit an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas:

1. Stoc an Bheáir ná €2,450 ar 31/12/2012.
2. Tá trealamh a bhí i seilbh an chlub ar 31/12/2012 le dímheas ar ráta 20% dá chostas.
3. Tá an Clubtheach agus an Airéine le dímheas de réir ráta 2%.
4. Féichiúnaithe agus creidiúnaithe an bheáir €190 agus €1,330 faoi seach ar 31/12/2012.
5. Ús infheistíochta dlite ar 31/12/2012 ná €300.
6. Ar na síntiúis tá:
 - (i) Cúig Bhallraíocht Saoil, a thugann líon iomlán na mBallraíochtaí Saoil go 30.
 - (ii) Síntiúis €2,400 do 2013.
 - (iii) Tobhach €80 an cheann ar 150 ball do 2012.
 - (iv) Tobhach €80 an cheann ar 15 bhall do 2011.
7. Bhí Ballraíocht Saoil le cur chun sochair mar ioncam thar tréimhse 5 bliana ag tosú i 2012.

Iarrtar ort:

- (a) Ciste Carntha an Chlub (Caipiteal) a thaispeáint ar 1/1/2012. (25)
- (b) An Cuntas Ioncain agus Caiteachais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (25)
- (c) (i) Mínigh le cabhair sampla cad is ciall le Cuntas Brabúis agus Caillteanais Sainchuspóra.
(ii) Tá sé beartaithe ag an gclub urlár uilefhóinteach a chur síos ar chostas €150,000. Mhol an Cisteoir go n-ardófaí an tobhach de €120 sa bhliain agus go gcuirfí cúig bliana eile leis. Mar ghnáthbhall, cé na hargóintí a dhéanfaí i gcoinne an mholta seo? (10)

(60 marc)

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí seo a leanas as Cuntais Deiridh Dantzig cpt, déantúsóir san earnáil phróiseála bia, don bhliain dar chríoch 31/12/2012. Tá caipiteal údaraithe de €700,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 100,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 550,000 gnáthscair agus na scaireanna tosaíochta 5% go léir eisithe ag an ngnólacht cheana féin.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2012

	€
Díolacháin	990,000
Costais earraí díolta	(852,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(91,000)
Ús	<u>(16,000)</u>
	31,000
Díbhinní íoctha	<u>(25,000)</u>
Brabús Coinnithe	6,000
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 1/1/2012	<u>20,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2012	<u>26,000</u>

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2011

Tuilleamh in aghaidh na Gnáthscaire	5.5c
Díbhinn in aghaidh na Gnáthscaire	4.7c
Cumhdach Úis	4 huaire
Mear-chóimheas	0.85 le 1
Toradh ar Chaipiteal in Úsáid	6.1%
Luach margaidh gnáthscaire	€0.90
Giaráil	30%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2012

	€	€
Sócmhainní Seasta		706,000
Infheistíochtaí (luach an mhargaidh 31/12/2012 – €80,000)		<u>180,000</u>
		886,000
Sócmhainní Reatha (Stoc €31,500 agus Féichiúnaithe €90,000 san áireamh)	158,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	<u>(168,000)</u>	<u>(10,000)</u>
		<u>876,000</u>
Maoinithe ag		
Bintiúir 8% (Faoi urrús 2015)		200,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	550,000	
Scaireanna Tosaíochta 5% @ €1 an ceann	100,000	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais	<u>26,000</u>	<u>676,000</u>
		<u>876,000</u>

Luach gnáthscair amháin ar an margadh €0.85 ar 31/12/2012.

(a) **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2012** (déan an t-áireamh go **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí):

- (i) An stoc tosaigh más é 10 ráta láimhdeachais an stoic bunaithe ar an meánstoc.
- (ii) An Tuilleamh in aghaidh na Scaire.
- (iii) An Toradh Díbhinne.
- (iv) Cén t-achar ama a thógfadh sé ar Ghnáthscair amháin a luach ar an margadh a aisghabháil bunaithe ar an ráta tuillimh faoi láthair?
- (v) An cumhdach úis. (50)

(b) Tugadh deis do chara duit 200,000 scair de na scaireanna atá eisithe cheana féin ag Dantzig cpt a cheannach ar 80c an ceann ach lorgaíonn sí comhairle ortsa i dtosach. Bheadh sí ag úsáid airgid a tógadh ar iasacht ar ráta seasta 8% in aghaidh na bliana. Cén chomhairle a chuirfeá uirthi? Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus eolas eile mar thaca le do fhreagra. (40)

(c) Tá Dantzig cpt ag cuimhneamh ar ghnólacht bia eile a cheannach chun a ngnó a leathnú. Fuarthas an t-eolas seo a leanas don bhliain 2012 ar dhá chuideachta chomhchosúla a d'fhéadfaidís a cheannach:

	Bia AB	Trádálaithe XY
Toradh ar Chaipiteal in Úsáid	8%	6%
Cóimheas Reatha	3.2:1	1.9:1
Cóimheas Leachtach (Fíorthástála)	0.6:1	1.3:1

Cuir comhairle ar Dantzig cpt, bunaithe ar an eolas a tugadh duit, faoi cé acu gnólacht ba chóir dóibh a cheannach, más cóir ceann ar bith acu a cheannach. (10)

(100 marc)

6. Cuntais Fhoilsithe

Tá Caipiteal Údaraithe de €850,000 ag Móintigh cpt atá comhdhéanta de 550,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 6% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as a gcuid leabhar ar 31/12/2012.

	€	€
Feithiclí ar a gcostas.....	260,000	
Feithiclí – Dímheas Carntha ar 1/1/2012		105,000
Ioncam ó infheistíochtaí.....		4,200
Foirgnimh ar a gcostas	880,000	
Foirgnimh – Dímheas Carntha ar 1/1/2012.....		50,500
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	240,000	184,000
Infheistíochtaí 4%	300,000	
Stoc ar 1/1/2012	72,000	
Paitinní ar 1/1/2012	36,000	
Speansais riaracháin	206,000	
Costais dáileacháin.....	194,000	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,260,000	2,040,600
Ioncam ó chíos		64,000
Bintiúir 5%, 2017/2018		200,000
Brabús ar thalamh a dhíol.....		80,000
Banc.....	57,800	
CBL.....		74,000
Díbhinní íochta.....	50,000	
Brabús agus Cailteanas ar 1/1/2012		85,000
Caipiteal Eisithe		
Gnáthscaireanna.....		500,000
Scaireanna Tosaíochta		150,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach.....		12,500
Ús bintiúir íochta.....	8,000	
Ríchíosanna Paitinne		14,000
	<u>3,563,800</u>	<u>3,563,800</u>

Is eolas ábhartha é seo a leanas:

- (i) Stoc ar 31/12/2012 ná €85,000.
- (ii) Fuarthas an Phaitinn ar 1/1/2008 ar €60,000. Tá amúchadh á dhéanamh uirthi thar 10 mbliana ina thráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le cur san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- (iii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite, d'ús ar infheistíochtaí dlite, do tháillí iniúcháirí €6,500, do tháillí stiúrthóirí €35,000 agus do cháin chorparáideach €60,000.
- (iv) Tá soláthar le déanamh do dhímheas ar fhoirgnimh, de réir ráta 2% de réir méid chothroim agus tá sé le cionroinnt sa chóimheas 40% do chostais dáileacháin agus 60% do speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgneamh ar bith le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir 15% dá gcostas.
- (v) Le linn na bliana díoladh ar €150,000 talamh in aice le háitreabh na cuideachta, talamh a chosain €70,000. Ag deireadh na bliana d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €970,000. Teastaíonn ón gcuideachta an luach seo a chuimsiú i gcuntais na bliana seo.
- (vi) San áireamh sna speansais riaracháin tá fáltas €18,500 le haghaidh lascaine.

Iarrtar ort:

- (a) An cuntas brabúis agus cailteanais foilsithe a ullmhú don bhliain 31/12/2012 agus clár comhardaithe mar a bhí ar an dáta sin a ullmhú de réir Achtanna na gCuideachtaí agus de réir na gcaighdeán cuí cuntasáíochta, agus na nótaí seo a leanas a thaispeáint:
 1. Nóta faoi pholasáí cuntasáíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus do stoc
 2. Brabús oibriúcháin
 3. Ús iníochta
 4. Sócmhainní seasta inláimhsithe (85)
- (b) (i) Ainmnigh na comhlachtaí/institiúidí a rialaíonn ullmhú, ábhar agus cur i láthair ráitis airgeadais cuideachtaí.
- (ii) Cad is Iniúchadh ann? Míneadh cad is brí le tuarascáil choinníollach iniúcháir. (15)

(100 marc)

7. Taifid Neamhiomlána

Ar 1/1/2012, cheannaigh E. Ó Ceallaigh gnólacht ar €205,000 agus bhí na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: Áitreabh €174,000; Stoc €14,300; Féichiúnaithe €14,000; 3 mhí d'árachas foirgnimh réamhíoctha €430; Creidiúnaithe Trádála €17,200 agus Pá dlite €1,200.

Níor choinnigh an tUas. Ó Ceallaigh sraith iomlán cuntas le linn 2012 ach bhí ar a chumas an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2012.

Íocaíochtaí Airgid: Lóisteálacha €94,000, Speansais Ghinearálta €22,500, Ceannacháin €51,000.

Íocaíochtaí Baine: Trealamh €30,000, Creidiúnaithe €34,200, Solas agus Teas €4,600, Ús €2,400, Préimh bhliantúil Árachais an Fhoirgnimh €3,000, Buanordú do Chumann Carthanachta €2,500, Feithicil €32,000, Cíos bliana amháin €22,800.

Lóisteálacha Baine: Féichiúnaithe €32,000, Airgead Tirim €94,000, Díbhinní €3,600.

Thóg Ó Ceallaigh earraí dar luach €80 gach seachtain agus airgead €60 gach seachtain le haghaidh speansais teaghlaigh le linn na bliana.

Fuair Ó Ceallaigh €72,000 ar iasacht ar 1/7/2012, ar úsáideadh cuid de chun trádstóras in aice láimhe a cheannach ar €60,000. Comhaontaíodh go ndéanfaí an tsuim a fuarthas ar iasacht a aisíoc ina 12 thráthchuid chothroma thar thréimhse sé bliana, ag tosú ar an 1 Eanáir 2013. Bhí ús le gearradh de réir ráta 10% sa bhliain agus le híoc go míosúil.

Bhain an figiúr do Chíos le foirgneamh in aice láimhe a ghlac Ó Ceallaigh ar cíos ar 1/8/2012. Bhí sé iníoctha roimh ré agus mheas Ó Ceallaigh gur baineadh úsáid as leath den fhoirgneamh mar theach príobháideach agus gur chóir 25% den Solas agus den Teas a úsáideadh a chur i leith an chuid phríobháideach den fhoirgneamh.

San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais an ghnólachta ar 31/12/2012 bhí: Stoc €15,500 (stoc de bhreosla téimh €500 san áireamh), Féichiúnaithe €16,600, Creidiúnaithe Trádála €14,300, Airgead Tirim €550, Leictreachas dlite €640.

Iarrtar ort iad seo a thaispeáint, mar aon leis an oibriú amach:

- (a) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2012. (52)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2012. (40)
- (c) Cad é an t-eolas breise a bheadh ar fáil don Uas. Ó Ceallaigh dá n-ullmhófaí a chuntais de réir 'chóras na hiontrála dúbailte'? (8)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Luacháil Stoic, Costáil Táirgí, Tearc-ionsú agus Ró-ionsú Costas

(a) Luacháil Stoic

Siopa miondíola é Gorm Teo a cheannaíonn agus a dhíolann earra amháin. Baineann an t-eolas a leanas le ceannacháin agus le díolacháin an ghnólachta don bhliain 2012.

Tréimhse	Ceannacháin ar chreidmheas	Díolacháin ar chreidmheas	Díolacháin ar airgead
01/01/2012-30/04/2012	4,000 @ €5 an ceann	1,000 @ €9 an ceann	1,500 @ €12 an ceann
01/05/2012-31/08/2012	2,500 @ €6 an ceann	1,200 @ €11 an ceann	1,300 @ €13 an ceann
01/09/2012-31/12/2012	1,700 @ €8 an ceann	1,400 @ €11 an ceann	1,200 @ €14 an ceann

Ar 1/1/2012 bhí stoc tosaigh de 4,500 aonad ann @ €5 an ceann.

Iarrtar ort:

- (i) An modh ‘Is túisce isteach/Is túisce amach’ (FIFO) a úsáid chun luach an stoic dheiridh a ríomh.
- (ii) Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2012.

(b) Costáil Táirgí

Is iad seo a leanas sonraí na bhforchostas buiséadaithe in aghaidh na bliana do De Grás Teo, déantóir trealamh ríomhaireachta, a bhfuil trí roinn táirgthe ann.

Ranna Táirgthe	Forchostais Bhuiséadaithe	Uaireanta Saothair Buiséadaithe	Ráta pá san uair
Déantúsaíocht	€180,000	36,000 uair	€4
Cóimeáil	€99,000	18,000 uair	€2.50
Bailchríochnú	€36,000	4,500 uair	€3.75

Costais bhuiséadaithe don riarachán ginearálta in aghaidh na bliana €1,170,000

Sonraí Jab Uimhir 666

Ábhar Díreach 30 kg ar €10.20 an kg

Uaireanta Saothair Dhíreach	Déantúsaíocht	20 uaire
	Cóimeáil	6 uaire
	Bailchríochnú	4 uaire

Tá praghas gach ordaithe bunaithe ar chorrach brabúis de 25%.

Iarrtar ort:

- (i) An ráta ionsúite forchostas do gach roinn a ríomh.
- (ii) Praghas díola Jab Uimhir 666 a ríomh.

(c) Tearc-ionsú agus Ró-ionsú Costas

Baineann an t-eolas atá leagtha amach thíos le costais bhuiséadaithe agus le costais iarbhír Ghnólacht Déantúsaíochta Colmóra Teo.

Buiséadaithe	Uaireanta Saothair Dhíreach	Uaireanta Meaisín	Forchostais Iomlána
Roinn A	7,000	32,000	€160,000
Roinn B	48,000	7,000	€ 33,600
Roinn C	22,000	---	€ 46,200

Iarbhír	Uaireanta Saothair Dhíreach	Uaireanta Meaisín	Forchostais Iomlána
Roinn A	9,000	37,000	€175,000
Roinn B	40,000	12,000	€ 29,000
Roinn C	27,000	---	€ 50,000

Iarrtar ort:

- (i) Rátaí ionsúite forchostas na roinne a ríomh do na Ranna A, B agus C.
- (ii) An tearc-ionsú/ró-ionsú de réir na roinne agus an tearc-ionsú/ró-ionsú iomlán don tréimhse a thaispeáint. Minigh cad is ciall leis na figiúirí seo.

(80 marc)

9. Buiséadú

Tá Ó Muirí Teo. ag ullmhú chun gnólacht a chur ar bun ar 1/1/2014 chun earra amháin a dhéanamh. Tugtar thíos buiséad díolachán na cuideachta don chéad sé mhí de 2014.

Buiséad Díolachán

	Eanáir	Feabhra	Márta	Aibreán	Bealtaine	Meith.
Aonaid díolacháin	7,000	8,000	10,000	9,000	10,500	11,000
Ioncam ó Dhíolacháin	€210,000	€240,000	€300,000	€270,000	€315,000	€330,000

- (i) Tá 5 kg d'ábhar X, a chosnaíonn €2.00 an kg, ag teastáil do gach táirge.
- (ii) Coinnítear stoic d'earraí críochnaithe ag 70% de riachtanas díolacháin na míosa dar gcionn.
- (iii) Ag deireadh gach míosa coinnítear stoic de na hamhábhair – dóthain ina kg le haghaidh 20% de riachtanais na míosa dar gcionn.
- (iv) Is é an patrún bailithe airgid a bhfuiltear ag súil leis ó na díolacháin ná:

Custaiméirí Airgid Síos 40% den ioncam ó dhíolacháin ar airgead síos.

Custaiméirí Creidmheasa Tiocfaidh 60% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe seo a gcuid billí, 50% sa mhí tar éis an díola agus an chuid eile sa dara mí tar éis an díola.

- (v) Faightear cairde aon mhí amháin ó na soláthraithe.
- (vi) Déanfar speansais an ghnólachta a shocrú mar seo a leanas:

Costais Ionchais Pá €25,000 sa mhí iníoctha de réir mar a thabhaítear é. Forchostais athraitheacha €5 an t-aonad, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad. Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €30,000 sa mhí, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

Costais Chaipítíl Ceannófar trealamh dar luach €45,000 i mí Eanáir agus beidh saol úsáideach de 5 bliana aige. Chun an ceannachán seo a mhaoiniú gheofar €30,000 ar iasacht ar 10% sa bhliain. Beidh an t-ús le híoc in aghaidh na míosa, ach ní thosóidh na haisíocaíochtaí caipítíl go dtí Iúil 2014.

Iarrtar ort:

- (a) Buiséad Táirgthe a ullmhú do na ceithre mhí Eanáir go hAibreán, 2014.
- (b) Buiséad Ceannacháin Amhábhair a ullmhú (ina aonaid agus ina €) do na ceithre mhí Eanáir go hAibreán, 2014.
- (c) Buiséad Airgid a ullmhú do na 4 mhí Eanáir go hAibreán, 2014.
- (d) Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais buiséadaithe a ullmhú do na 4 mhí dar críoch 30/4/2014 (más é an costas buiséadaithe ar aonad d'earraí críochnaithe ná €25).
- (e)
 - (i) Cén t-eolas úsáideach atá sa bhuiséad airgid críochnaithe d'Ó Muirí Teo?
 - (ii) Mínigh cad is brí le Buiséad Caipítíl.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán